Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 27 Feabhra 2017
(OR. fr)

6580/17

**Comhad Idirinstitiúideach:
2015/0281 (COD)**

CODEC 251
DROIPEN 21
COPEN 55
JAI 162

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir leis an sceimhlitheoireacht a chomhrac agus a chuirtear in ionad Chinneadh Réime 2002/475/CGB ón gComhairle agus lena leasaítear Cinneadh 2005/671/CGB ón gComhairle<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh (**GR+ R**) |

1. Ar an 3 Nollaig 2015, chuir an Coimisiún a thogra[1], atá bunaithe ar Airteagal 83(1) CFAE[23], ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. Ar an 17 Márta 2016 thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh[4].

3. Ar an 16 Feabhra 2017, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[5].

---

1 14926/15.

2 I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 21 maidir le seasamh na Ríochta Aontaithe agus seasamh na hÉireann i dtaca leis an limistéar saoirse, slándála agus ceartais, agus gan dochar d'Airteagal 4 den Phrótacal sin, ní bheidh an dá Bhallstát sin rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl siad faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

3 I gcomhréir le hAirteagal 1 agus le hAirteagal 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, ní bheidh an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh na Treorach seo agus níl sí faoi cheangal aici ná faoi réir a cur i bhfeidhm.

4 IO C 177, 18.5.2016, lch. 51.

5 6338/17.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

- seasamh Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 53/16 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo;
- a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín a ghabhann leis an nóta seo a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle seasamh Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh é.